C/2025/2240

10.4.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2240)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'La Mancha'

PDO-ES-A0045-AM06

Dáta na teachtaireachta: 14 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. FEABHSUITHE AR AN TÉACS

Tuairisc:

Sonraítear an méid seo a leanas i roinnt áiteanna sa tsonraíocht:

— i measc fíonta óga ('joven') nó nua ('nuevo') agus traidisiúnta ('tradicional'), áirítear fíonta geala agus fíonta dearga araon, iad coipthe go hiomlán nó coipthe go páirteach i mbairillí

— is féidir fíonta atá milis go nádúrtha ('naturalmente dulce') a bheith ina bhfíonta geala nó dearga

— is féidir fíonta 'roble' (dair) a bheith ina bhfíonta geala nó dearga

— is féidir fíonta leathshúilíneacha ('vinos de aguja') a bheith ina bhfíonta geala, rosé nó dearga.

Baineann an leasú seo le pointí 2.1, 2.1.1, 2.1.2, 2.1.3 agus 2.1.6 den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Déanann sé foclaíocht na sonraíochta táirge níos soiléire.

2. ATHRUITHE AR NA TEORAINNEACHA LE hAGHAIDH SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA

Tuairisc:

Le pointe 2.1 den tsonraíocht socraítear an íosteorainn iarbhír agus an íosteorainn iomlán maidir le neart alcóil le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar teorainneacha iad a fágadh ar lár de thaisme. Ceartaíodh earráid chléireachais i bpointe 2.1.5 a bhaineann le híosleibhéal an nirt alcóil iarbhír le haghaidh na bhfíonta sin chun go léitear 9 % de réir toirte (seachas 10,5 % de réir toirte).

Rinneadh na teorainneacha le haghaidh siúcraí iomlána le haghaidh fíonta 'tirim' agus 'leath-thirim' a fhorlíonadh i gcomhréir leis an reachtaíocht Chomhphobail atá i bhfeidhm. Rinneadh sin i bpointí 2.1.1., 2.1.2., 2.1.3., 2.1.4. agus 2.1.6. Rinneadh an teorainn neamhriachtanach ar shiúcra iomlán le haghaidh fíonta traidisiúnta atá milis go nádúrtha a bhaint ó phointe 2.1.2 freisin. Ceartaíodh pointí 2.1.5 agus 2.1.7 chun a shoiléiriú go sloinntear siúcraí iomlána ní hamháin mar ghlúcós agus mar fhruchtós ach mar shiúcrós freisin.

Leasaíodh pointe 2.1.1 den tsonraíocht chun na huasteorainneacha aigéadachta luainí le haghaidh fíonta óga nó fíonta nua a mhéadú ó 8,33 go 9,16 meq/l. Méadaíodh na teorainneacha sin ó 10 meq/l go 10,83 meq/l le haghaidh fíonta traidisiúnta, 'roble' agus fíonta leathshúilíneacha (pointí 2.1.2, 2.1.3 agus 2.1.6).

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Méadaíodh na huasteorainneacha suilfíte is é sin gurb éard atá iontu na huasleibhéil a cheadaítear faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais le haghaidh fíonta óga, nua nó traidisiúnta (cé is moite d'fhíonta atá milis go nádúrtha agus ar baineadh na teorainneacha sonracha ina leith) agus fíonta leathshúilíneacha i bpointí 2.1.1, 2.1.2 agus 2.1.6, faoi seach, den tsonraíocht táirge. Déantar an t-athrú sin freisin le haghaidh na bhfíonta 'roble', 'crianza', 'reserva' agus 'gran reserva' (pointí 2.1.3 agus 2.1.4), ach áirítear ann teorainneacha freisin i gcás ina bhfuil 5 g/l siúcraí nó níos mó ann san fhíon. Ardaíodh an teorainn suilfíte ó 160 g/l go 185 g/l le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (pointe 2.1.5 den tsonraíocht).

Scriosadh an teorainn ar eastóscán tirim le haghaidh fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha ar ardchaighdeán (pointí 2.1.5 agus 2.1.6 den tsonraíocht) toisc nach bhfuil gá léi agus nach gceanglaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm í a chinneadh.

Baineann an leasú sin leis na pointí thuasluaite den tsonraíocht agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é an aidhm atá ann gan srianta neamhriachtanacha a fhorchur ar tháirgeoirí thar an méid a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

3. CINEÁL NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc:

Cuireadh isteach an cineál geal Albariño.

Baineann an leasú sin le pointe 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tar éis measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaithe don limistéar atá sé agus ar an méid a rannchuidíonn sé leis an bhfíon, meastar gurb iomchuí é a áireamh san ATFC.

4. ATHRUITHE AR NA RIALACHA LENA RIALAÍTEAR PACÁISTÍOCHT

Tuairisc:

Athraíodh an rialachán maidir le húsáid pacáistíochta de chineál TPE agus bunaíodh an cineál stopalláin a cheadaítear.

Baineann an leasú sin le pointe 8 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar chaomhnú agus ar chur i láthair an táirge faoi chosaint.

5. FEABHAS AR AN ROINN MAIDIR LE hINIÚCHADH

Tuairisc:

Cuireadh isteach mionsonraí an údaráis inniúil agus na gcomhlachtaí ar a bhfuil freagracht faoi láthair as comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú.

Baineann an leasú sin le pointe 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ceartú na faisnéise a fágadh ar lár ón tsonraíocht.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

La Mancha

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala agus rosé, idir óg agus thraidisiúnta, (seachas fíonta atá milis go nádúrtha), agus fíonta geala 'roble'*

Neart alcóil íseal. Bíonn imir idir dath scothghlas agus dath buí, seachas dath órga, sna fíonta geala. Bíonn siad láidir agus torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe príomha orthu, a bhíonn rud beag aigéadach agus cothrom.

I gcás ina raibh siad i mbairillí ar feadh tréimhse, bíonn dath idir dath buí agus dath órga nó dath na tuí orthu, le himireacha tóstáilte in aghaidh cúlra fanaile agus blasanna fada darach agus torthaíocha.

Bíonn dath idir dath an róis agus dath oráiste an bhradáin ar na fíonta rosé, agus bíonn dea-bholaithe láidre agus dea-bholaithe príomha orthu. Bíonn siad rud beag aigéadach, cothrom agus bíonn blas torthaíoch orthu.

Fíonta a choiptear i mbairillí, bíonn dea-bholaithe orthu agus iarbhlas orthu a chuireann an bairille i gcuimhne.

* Bíonn an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Aigéadacht luaineach uasta na bhfíonta óga: 9,16 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

* Uasmhéid na suilfítí: 250 mg/l má tá siúcra ≥ 5 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10,83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Fíonta dearga, idir óg agus thraidisiúnta, (ach amháin fíonta atá milis go nádúrtha) agus fíonta dearga 'roble'*

Bíonn dath idir dearg/scothchorcra agus dath na pomagránaite ar na fíonta, mar aon le bheith láidir agus torthaíoch agus dea-bholaithe príomha a bheith orthu. Nuair a bhlaistear díobh, bíonn siad tainneach, le halcól/aigéadacht chothrom, agus bíonn siad fada agus torthaíoch. Bíonn dath idir dath na pomagránaite agus dath an rúibín ar na fíonta a bhí i mbairillí ar feadh tréimhse. Bíonn siad láidir agus torthaíoch agus bíonn dea-bholaithe príomha agus dea-bholaithe fanaile orthu. Bíonn siad fada agus cothrom sa bhéal, agus bíonn rian fanaile orthu. De réir mar a théann na fíonta in aois, is féidir imireacha *terracotta* nó oráiste a bheith iontu. Bíonn siad fada agus bíonn gnéithe den mhil orthu. Bíonn siad mín, comhchuí, maothlach agus struchtúrtha sa bhéal. Faigheann fíonta a choiptear i mbairillí a ndea-bholaithe agus a n-iarbhlas ón mbairille.

* Bíonn an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Aigéadacht luaineach uasta na bhfíonta óga: 9,16 milleachoibhéis in aghaidh an lítir

* Uasmhéid na suilfítí: 200 mg/l má tá siúcra ≥ 5 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10,83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

3. *Fíonta geala agus dearga traidisiúnta atá milis go nádúrtha*

Comhsheasmhach le tirimeacht na bhfíonta geala agus bíonn dath idir dath an ghairnéid agus dath crón ar na fíonta dearga. An-aramatach, cuireann siad torthaí agus/nó subha i gcuimhne, cothrom agus tathagach.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta agus an cion suilfíte uasta a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíon geal agus dearg a dtugtar 'crianza', 'reserva' agus 'gran reserva' air*

Bíonn dath idir dath na tuí agus dath órga ar na fíonta bána agus baineann leibhéil déine éagsúla leo ag brath ar a n-aois. Dea-bholaithe adhmadacha agus tóstáilte. Cothrom. Bíonn dath idir dath an ghairnéid agus dath *terracotta* ar na fíonta, ag brath ar a n-aois. De réir mar a théann na fíonta in aois, athraíonn na dea-bholaithe ó thorthaíoch go hadhmadach agus/nó tóstáilte. Bíonn siad cothrom agus tathagach sa bhéal.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Is é 9 % de réir toirte an neart alcóil iarbhír íosta le haghaidh fíonta geala agus rosé agus 11,5 % de réir toirte le haghaidh fíonta dearga.

* Aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach: 12,50 meq/l le haghaidh fíonta 'crianza' agus 16,66 meq/l le haghaidh fíonta 'reserva' agus 'gran reserva'. Féadfar an aigéadacht luaineach arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach a shárú de 1 meq/l le haghaidh gach céime alcóil os cionn 12 % de réir toirte, suas le huasmhéid 20 meq/l le haghaidh fíonta dearga agus 18 meq/l le haghaidh fíonta geala.

* Cion suilfíte uasta: Fíonta geala: 200 má tá siúcra < 5 g/l; agus 250 má tá siúcra ≥ 5 g/l. Fíonta dearga: 150 má tá siúcra < 5 g/l; agus 200 má tá siúcra ≥ 5 g/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Bíonn imireacha idir éadrom agus órga agus bán sna fíonta geala súilíneacha, agus bíonn imireacha bándearga éadroma sna fíonta rosé. Bíonn na bolgáin beag agus marthanach. Bíonn na dea-bholaithe glan agus torthaíoch. Bíonn siad leathan agus cothrom nuair a bhlaistear díobh.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11,66

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

6. *Fíon leathshúilíneach*

Is féidir fíonta geala a bhfuil imireacha buí éagsúla iontu, fíonta rosé a bhfuil imireacha bándearga éagsúla iontu agus fíonta dearga a bhfuil dath dearg/scothchorcra orthu a bheith i gceist le fíonta leathshúilíneacha. Nuair a bholaítear iad, bíonn dea-bholaithe príomha ar na fíonta geala, agus dea-bholaithe diana a chuirfeadh torthaí dearga i gcuimhne ar na fíonta rosé agus dearga. Is fíonta leathana agus cothrom iad, a mbíonn an dé-ocsaíd charbóin shuntasach iontu.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Neart alcóil iarbhír íosta: 9 % de réir toirte i gcás fíonta geala agus rosé agus 11,5 % de réir toirte i gcás fíonta dearga.

* Cion suilfíte uasta: fíonta geala agus rosé: 200 má tá siúcra < 5 g/l; agus 250 má tá siúcra ≥ 5 g/l. Fíonta dearga: 150 má tá siúcra < 5 g/l; agus 200 má tá siúcra ≥ 5 g/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10,83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór na fíonta geala, rosé agus dearga a chumhdaítear [leis an ATFC seo] a dhéanamh as na cineálacha a cheadaítear agus astu sin amháin. Ní cheadaítear cineálacha fíonta geala agus cineálacha fíonchaor dearg a mheascadh.

Is é 74 lítear fíona in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor a bhuaintear an t-uasráta comhshó.

Déantar na fíonta geala agus rosé trí na triopaill a mheilt agus a dhraenáil tríd an gcóras statach nó dinimiciúil a úsáid. Féadfar iad a mhaothú roimh ré chun dea-bholaithe agus dath a bhaint díobh, agus féadfar an t-úrfhíon a choipeadh ar uasteocht 22 °C.

Ní mór na fíonta dearga a choipeadh leis na craicne ar feadh 3 lá ar a laghad ar uasteocht 28 °C.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonghoirt a threoraítear ina gcuacha

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonghoirt treilíse

13 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

96,2 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is réigiún nádúrtha agus stairiúil é La Mancha atá suite i bPobal Féinrialaitheach Castile-La Mancha, i lár na Spáinne. Is éard atá ann an chuid thuaidh de chúige Albacete, an chuid theas agus an chuid thiar theas de Ciudad Real, an chuid thoir de Toledo agus an chuid thiar theas de chúige Cuenca.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

AIRÉN

ALBARIÑO

BOBAL

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

GEWÜRZTRAMINER

GRACIANO

MACABEO - VIURA

MALBEC

MENCÍA

MERLOT

MONASTRELL

MORAVIA DULCE - CRUDIJERA

MUSCAT OF ALEXANDRIA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA

PEDRO XIMENEZ

PETIT VERDOT

PINOT NOIR

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO - CENCIBEL

TORRONTÉS

VERDEJO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Eascraíonn comhdhéanamh ithreach mhachaire Manchegan as dríodrú Mhéicéineach aolchloiche, marla agus gainimh, lena gcruthaítear cré a bhfuil dath donn nó dath donnrua uirthi. Go deimhin, a bhuí leis an bhflúirse ithreacha aolchloiche in La Mancha, is áit idéalach é chun fíonta dearga tathagacha a tháirgeadh, atá oiriúnach lena n-aibiú, agus leis an aolchloch ghainmheach cuirtear neart deas san fhíon.

Mar gheall ar an easpa báistí (idir 300 agus 350 mm go bliantúil) agus an neamhchosaint ard ar sholas na gréine (3 000 uair an chloig gréine), cruthaítear fíonta a bhfuil dath dian orthu ina gcuirtear go soiléir lena ndéine aramatach.

Bíonn meántáirgeacht na bhfíonghort íseal, rud a chuireann cothromaíocht iontach leis na fíonta freisin.

8.2. *Fíon leathshúilíneach*

Na dea-bholaithe torthaíocha ó na fíonta leathshúilíneacha agus na himireacha torthaíocha iontu, cruthaíonn an adhaeráid ilchríochach, comhdhéanamh na hithreach donnrua agus na teochtaí arda iad. Úsáidtear na fíonta a dtugtar tuairisc orthu sa roinn maidir le fíon chun na fíonta sin a tháirgeadh. Dá bhrí sin, bíonn feidhm ag ábhar na roinne sin maidir leis na fíonta seo freisin.

8.3. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Leis an timpeallacht gheografach, is féidir na cineálacha a leagtar síos sa tsonraíocht a shaothrú, lena gcuirtear leithead agus cothromaíocht leis na fíonta. Ar bhealach comhchosúil, leis an easpa báistí agus na huaireanta fada gréine, cruthaítear neart alcóil nádúrtha lenar féidir fíonta a bhfuil na leibhéil nirt alcóil bhunaithe iontu a tháirgeadh. Chun na fíonta súilíneacha a tháirgeadh, úsáidtear mar bhunfhíon na fíonta a luaitear sa roinn maidir le fíon. Dá bhrí sin, bíonn feidhm ag ábhar na roinne sin maidir leis na fíonta súilíneacha freisin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Chun cineál fíonchaor sonrach aonair a lua, ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith den chineál sin, rud nach mór a léiriú sna taifid fíonlainne.

Is féidir na téarmaí ‘Premium’ agus ‘Reserva’ a úsáid ar lipéid na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán leis an ATFC ‘La Mancha’.

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór go dtarlódh pacáistiú laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe. Ní thagann deireadh le táirgeadh fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh leis an bpróiseas faoina n-athraítear úrfhíon go fíon trí choipeadh alcólach agus trí phróisis fhorlíontacha eile, ach cuirtear deireadh leis an bpacáistiú. Ní mór an chéim sin a mheas mar an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, ós rud é go mbaineann sí le cleachtais fhíoneolaíocha eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, mar atá: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach. Le buidéalú laistigh den limistéar táirgeachta is féidir rialú díreach a dhéanamh ar an oibríocht pacáistíochta agus seachnaítear rioscaí iompair a d'fhéadfadh a bheith ann amhail ocsaídiú agus strus teasa, a dhéanfadh meath ar shaintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta agus a mbeadh tionchar acu ar a gcobhsaíocht.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://rec.castillalamancha.es/rec/public/documentacion/listadoDocs.faces#no-back-button